# Cathair na Gaillimhe
# Galway City

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



creative.ireland.ie

Feile Idirnáisiúnta
Ealaíon na Gaillimhe
*Galway International*
*Arts Festival*
(Andrew Downes)

# Ábhar
# Contents


1 Réamhfhocal
*Foreword*

2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gCathair na Gaillimhe
*Culture and Creativity in Galway City*

3 Fís Éire Ildánach i gCathair na Gaillimhe
*The Creative Ireland Vision for Galway City*

4 Luachanna Éire Ildánach i gCathair na Gaillimhe
*The Creative Ireland Values in Galway City*

5 Na Tosaíochtaí Straitéiseacha maidir le Chathair na Gaillimhe
*Strategic Priorities for Galway City*

6 Cur i bhfeidhm
*Implementation*


Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# 1 Réamhrá
## Foreword

Is cathair bhríomhar ilghnéitheach í Gaillimh. Is cathair don fhoghlaim í, cathair don óige, cathair ina bhfuil oidhreacht luachmhar cultúir ann agus ina bhfuil timpeallacht nádúrtha a bhainfeadh an anáil díot. Is cathair ildánach í Gaillimh ina bhfuil meas ar chách.

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe go mbeidh Gaillimh ina cathair den chéad scoth ó thaobh na nuálaíochta agus na cruthaitheachta. Táimid ag iarraidh cathair a chruthú ina mbeidh daoine ag iarraidh cónaí ann, a bheith ag obair ann agus cuairt a thabhairt ar an gcathair. Táimid ag obair faoi láthair ar roinnt straitéisí a oibreoidh mar threoir dár bhfís do Ghaillimh sna blianta beaga atá amach romhainn.

Tá Gaillimh i gcroílár cultúir an réigiúin, an Iarthair agus na hÉireann ar fad. Faighimid inspioráid ón Eoraip agus ó thíortha i bhfad i gcéin agus tugaimidne inspioráid dóibhsean freisin. Dar linne, tá an cultúr ríthábhachtach dár dtodhchaí agus d'fhorbairt na cathrach agus an réigiúin. Is croíghné dár n-inbhuanaitheacht eacnamaíochta, chomhshaoil agus shóisialta é an cultúr. Trí gach ceann de na ceithre ghné sa chathair agus sa réigiún a fhorbairt, nascfar le chéile agus feabhsófar ár saol agus saol na leanaí agus na ndaoine óga ar mian leo a bheith ina gcónaí agus ag obair sa réigiún ar feadh a saoil.

Is tréimhse spreagúil do Ghaillimh atá ann. D'éirigh le tairiscint na Gaillimhe a bheith ainmnithe mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 agus tagann an dea-scéala seo sna sála ar nithe a baineadh amach roimhe sin mar ainmniúchán Chathair Scannán UNESCO, gradam don Bhaile Mór Uirbeach, An Bhratach Chorcra agus gradam FDI Mionchathair na bliana, An Gradam Duilleog Ghlas na hEorpa 2017 agus Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa 2018. Tá dúshláin agus deiseanna móra romhainn maidir leis an gcathair. Rachfar i ngleic leis na dúshláin sin agus bainfear an leas is fearr as na deiseanna ach dul i gcomhairle leis an bpobal agus lena lán gníomhaireachtaí éagsúla.

Is mian linn buíochas a ghlacadh le gach duine ó na hearnálacha cultúir, sóisialta, gnó, pobail agus reachtúla a chuidigh chun "Meas ar Chách" agus "Gaillimh Chruthaitheach" a fhorbairt. Táimid ag súil go mór lena gcur i bhfeidhm go leanúnach. Táimid ag súil go mór leanúint ag obair go dlúth lenár gcomhghleacaithe ar fud na tíre in Éire Ildánach.

Galway is a vibrant, diverse city. It is a city of learning, a city of youth, a city of rich cultural heritage and of stunning natural environment. Galway is a creative city where everybody matters.

Galway City Council aims to position Galway as a world-class city of innovation and creativity. We want to create a city that people aspire to live in, to work in and to visit. We are actively working on a number of strategies that will guide our vision for Galway over the next few years.

Galway's at the cultural heart of the region, of the West and of Ireland as a whole. We look to Europe and beyond for inspiration and to inspire. We see culture as pivotal to our future and to our development as a city and a region. Culture is also an intrinsic element of our economic, environmental and social sustainability and the development of all four elements in the city and in the region will inter-link and enhance our lives and the lives of children and young people who wish to live and work in this region throughout their lives.

It is an exciting time for Galway. The city's successful bid for European Capital of Culture 2020 builds on previous successes, such as the UNESCO City of Film designation, the Urbanism Great Town award, the Purple Flag award, the FDI Micro-City of the Year award, the European Green Leaf Award 2017, European Region of Gastronomy 2018. There are major challenges and opportunities ahead for the city. These challenges will be addressed and the opportunities maximised through genuine public consultation and multi-agency collaborations.

We wish to thank everyone who has contributed to the development of "Everybody Matters" and to "Creative Galway" from the cultural, social, business, community and statutory sectors. We look forward to their continued roll-out. We look forward to continue to work closely with colleagues nationally in Creative Ireland.



Bádóirí an Cladaigh
*The Claddagh Boatmen*

# 2 Cultúr agus Cruthaitheacht i gCathair na Gaillimhe
## Culture and Creativity in Galway City

Tá Gaillimh suite in Iarthar na hÉireann, ar chladaí Chuan na Gaillimhe agus an tAigéan Atlantach os a comhair amach. Tá tírdhreach álainn Chonamara ar an taobh thiar den chathair agus Loch Coirib ar an taobh ó thuaidh di. Sníomhann Abhainn na Gaillimhe tríd an gcathair, agus is ó ghrinneall chlochach na habhann (Gaill Aimh) a d'easair ainm na cathrach. Tá roinnt canálacha agus traoth muilinn ar fud na cathrach agus a mbunús ann ó tosaíodh i mbun tráchtála sa chathair na céadta bliain ó shin.

Le míle bliain anuas, lean Gaillimh ag dul in oiriúint go leanúnach do nithe a bhí ag athrú de shíor – ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha. Go finscéalach sna 1970 idí tharla pléasc tharla pléasc a chothaigh agus a chuir le fás agus le forbairt ar shraith eagraíochtaí agus féilte cultúrtha agus ealaíon a bhfuil eolas orthu go hidirnáisiúnta – mar shampla *Féile Ealaíon Idirnáisiúnta na Gaillimhe, Amharclann an Druid, Macnas, Fleadh Scannán na Gaillimhe, Cúirt – Féile Idirnáisiúnta Litríochta, Baboró – Féile Idirnáisiúnta Ealaíon do Leanaí, Branar – Téatar do Pháistí, Féile Ealaíon an Chlocháin* agus *Cruinniú na mBád* – agus chuidigh na féilte sin go léir chun aitheantas a thabhairt do Ghaillimh ar fud an domhain mhóir mar cheann scríbe cultúir. Tá eolas agus aithne go hidirnáisiúnta ar na brandaí cultúir *Rásaí na Gaillimhe, Rugbaí Chonnacht* agus *Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe* agus tá aird tarraingthe dá réir ar Ghaillimh ar léarscáil an domhain.

Mar thoradh ar na hainmniúcháin cultúir mór le rá a bronnadh ar Ghaillimh le déanaí fuarthas deiseanna den chéad scoth chun feabhas níos fearr fós a chur ar an gcáil atá uirthi cheana féin agus cuireadh go mór freisin le stádas cultúir na Gaillimhe. Áirítear ar na hainmniúcháin sin, *Príomhchathair Chultúir na hEorpa 2020, Gaillimh mar Chathair Scannán* de chuid UNESCO chomh maith le ballraíocht na Gaillimhe i *Líonra Cathracha Cruthaitheacha* UNESCO. In 2018, bhí Gaillimh mar *Réigiún Gastranamaíochta na hEorpa* agus ar an gcéad réigiún in Éirinn riamh ar bronnadh an onóir sin air.

Bíonn clár bliantúil an-láidir ceoil agus imeachtaí i nGaillimh agus eagraíonn eagraíochtaí mar *Cheol do Ghaillimh, Féile Ceol Luath na Gaillimhe, Cois Cladaigh, Amhránaithe Barócach na Gaillimhe* agus an *Contempo Quartet* imeachtaí éagsúla a mbíonn an-tóir orthu i gcónaí. Sa bhreis air sin bíonn os cionn ochtó a trí fhéile i gclár féilte bliantúil Chathair & Chontae na Gaillimhe.

Is cathair ilchultúrtha í Gaillimh atá ag fás agus ag forbairt. Tá fás leanúnach ag teacht ar an daonra ón 47,000 duine a bhí ina gcónaí anseo in 1986 go dtí an 79,504 duine atá ina gcónaí ann faoi láthair, agus is náisiúnaigh neamh-Éireannacha iad 18.6% den daonra. Ní hamháin go léiríonn an fás sin an treocht náisiúnta agus idirnáisiúnta ó thaobh níos mó daoine a bheith ag cur fúthu i gcathracha ach léirítear go sonrach an fonn mór a bhíonn ar dhaoine fanacht i gCathair na Gaillimhe, mar chathair le bheith ag staidéar ann, le bheith ag obair ann, le cuairt a thabhairt air agus le maireachtáil ann.

Tá oidhreacht chultúir shaibhir i nGaillimh, ó thaobh na timpeallachta tógtha agus nádúrtha araon. Tá a cúlra meánaoiseach le sonrú go mór fós sa Chathair agus is furasta siúl thart ar chroílár na cathrach féin. Is iomaí sin tírdhreach, séadchomhartha agus bithéagsúlacht atá sa chontae féin. Tugann líon mór daoine cuairt ar Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe, agus é ar cheann de na háiteanna saor in aisce is mó a mheallann turasóirí sa tír lasmuigh den phríomhchathair, agus tugann os cionn 170,000 duine cuairt ar an áit gach bliain. Tá tionscal tógála bád traidisiúnta i nGaillimh atá ag dul ó neart go neart agus tá lárionad ann don taighde

Galway is located in the West of Ireland, on the shores of Galway Bay and within sight of the Atlantic Ocean. The city is surrounded by the phenomenal landscape of Connemara to the west and Lough Corrib to the north. It is bisected by the river Corrib, whose stony bed (Gaill Aimh) gave the city its name, and the city centre is interwoven with canals and mill races which have their origins in the commercial heritage of earlier centuries.

Over a period of a thousand years Galway continually adapted to its given circumstances – economically, socially and culturally. Famously, a creative explosion in the 1970's has sustained, grown and developed into a series of internationally known arts and cultural organisations and festivals – such as *Galway International Arts Festival, Druid Theatre, Macnas, the Galway Film Fleadh, Cúirt International Festival of Literature, Baboró International Arts Festival for Children, Branar Children's Theatre Company, Clifden Arts Festival* and *Cruinniú na mBád* – all of which have helped to make Galway an internationally recognised cultural destination. *The Galway Races, Connacht Rugby* and the *Ballinasloe October Horse Fair* are the three more international cultural brands that have marked Galway out on the world map.

Recent high profile cultural designations provide Galway with great opportunities to enhance further its existing reputation while also greatly adding to the cultural cachet of the city. These include, *European Capital of Culture 2020, Galway City of Film* by UNESCO along with Galway's membership of the UNESCO *Creative Cities Network*. In 2018, Galway became a *European Region of Gastronomy* and is the first region in Ireland to be awarded the honour.

Galway has a very strong annual music programme with events from organisations such as *Music for Galway*, the *Galway Early Music Festival, Cois Claddaigh*, the *Galway Baroque Singers* and the much loved *Contempo Quartet*. In addition Galway City & County has over eighty-three festivals in its annual festival programme.

Galway is a growing multicultural city. The population, which has grown from 47,000 in 1986, currently stands at 79,504, with 18.6% of the population non-Irish nationals. This growth not only reflects a national and international trend of increased urbanisation but more specifically reflects the attractiveness of Galway as a city in which to study, to work, to visit, and to live.

Galway is rich in cultural heritage both in the built and natural environment. The City has retained its medieval fabric and scale and presents a walkable city with a coherent core. The county offers a huge variety of landscapes, monuments and biodiversity. Galway City Museum has one of the highest visitor numbers in the country for non-fee paying attractions outside the capital with over 220,000 visitors annually. Galway's Town Hall Theatre annually attracts attendances in excess of 100,000, making it one of the busiest venues in the country. Galway has a thriving indigenous boat building industry and is a centre for marine research and development for both marine and fresh water with institutions such as the Martin Ryan Institute in NUI Galway and the Marine Institute leading the way in the field.

mhara agus d'fhorbairt mara agus fionnuisce agus institiúidí lonnaithe ann mar Institiúid Mháirtín Uí Riain in OÉ Gaillimh agus Foras na Mara atá chun cinn sna réimsí seo.

Tá an líon is mó oileán a bhfuil cónaí orthu sa tír i nGaillimh, oileáin a bhfuil pobail ar leith iontu go léir agus traidisiúin agus oidhreacht láidir chomh maith le radharcanna áille den scoth.

Tá líon ard páirceanna foraoise i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe, agus spásanna glasa iontu a thugann deis eolas faoin gcomhshaol a chur ar fáil do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí araon. Tá áiseanna éagsúla i bPáirc Náisiúnta Chonamara, áit a dtagann os cionn 220,000 duine ar cuairt ann gach uile bhliain. Bailíonn Amharclann na Gaillimhe gach bliain freastal ar os cionn 100,000, rud a chiallaíonn sé ar cheann de na hionaid is gnóthaí sa tír.

I gCathair na Gaillimhe amháin glacann 40,000 dalta agus mac léinn páirt i gcúrsaí oideachais agus tá 26,000 mac léinn cláraithe in oideachas tríú leibhéal. Tá an daonra idir 20–24 bliain d'aois ina dhá oiread ar an meán náisiúnta.

Cuirtear raon leathan cúrsaí fochéime, céime agus cúrsaí gearrthéarmacha ar fáil in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, in Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Mhaigh Eo, in Institiúid Theicniúil na Gaillimhe agus in institiúidí eile dóibh sin ar mian leo gairm bheatha a bhaint amach sna hearnálacha cruthaitheacha. Tá clár trí bliana Móiminteam Cruthaitheach forbartha ag OÉ Gaillimh agus é mar aidhm leis tacú le hearnáil an tionscail chruthaithigh ar imeall thuaidh na hEorpa. Tá Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe Mhaigh Eo ag cur go mór leis an mbaint a bhíonn aici leis na tionscail Chultúir & Chruthaitheachta trína hionad Cruthaitheachta, Ealaíon Cultúir agus Meán chomh maith le Moil Chruthaitheachta a bheith á leathadh amach acu.

Galway has the largest population of inhabited islands in the country and these hold unique communities with strong traditions and heritage as well as outstanding areas of beauty.

Galway has a high number of forest parks in the city and county, providing green spaces and environmental education to local and visiting populations. Connemara National Park provides a variety of facilities for over 170,000 visitors annually.

In Galway city alone there are 40,000 pupils and students engaged in Education with 26,000 students enrolled in third level education. The population of 20–24 year olds is twice the national average.

The National University of Ireland Galway, Galway-Mayo Institute of Technology, Galway Technical Institute amongst others offer a wide range of undergraduate, post-graduate and short-term courses for those interested in pursuing a career in the creative sectors. NUIG has developed a three year Creative Momentum programme that aims to support the creative industry sector in Europe's northern edge. Galway Mayo Institute of Technology is leading out a significant expansion of its engagement with Cultural & Creative industries through the centre of Creativity, Culture Arts and Media including the roll-out of Creative Hubs.

## Ról ar leith na Gaeltachta

Is áit ar leith í Gaillimh in Éirinn mar gur cathair í a bhfuil stádas Gaeltachta aici i leith beagnach an leathchuid dá achar tíreolaíoch. Tá cion níos airde de dhaoine a labhraíonn Gaeilge (75.2%) ina gcónaí i nGaeltacht na Gaillimhe ná mar atá sna ceantair Ghaeltachta eile sa tír le chéile (69.5%). Le deich mbliana anuas, tá ardú tagtha ar an líon cainteoirí Gaeilge atá in gcónaí agus ag obair sa chathair agus sa chontae mar gheall ar an bhfás atá tagtha ar an tionscal cumarsáide faoi cheannródaíocht TG4 (an stáisiún teilifíse náisiúnta Gaeilge), gníomhaíochtaí cultúrtha Gaeilge agus Gaelscoileanna (scoileanna lán-Ghaeilge). Is cuid lárnach den eispéireas cultúir agus de shaol na Gaillimhe an Ghaeilge agus oidhreacht na teanga, agus áirítear leis an teanga, litríocht, ceol, saothair ealaíne, ceardaíocht, scileanna, traidisiúin, damhsa agus an stair ó bhéal. Is é An Taibhdhearc Amharclann Náisiúnta na Gaeilge agus tá ról tábhachtach acu chun saothair idir shean agus nua i nGaeilge a choimisiúnú agus a chur i láthair. Is acmhainn ollmhór í an Ghaeilge i nGaillimh agus luaitear luach €59m leis an teanga don Chathair. I mí an Mhárta 2016, thug baill thofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le fios gur theastaigh uathu go mbeadh Cathair na Gaillimhe ina cathair dhátheangach agus leagadh amach fís chun tacú le feidhmiú an tionscnaimh sin. Sa bhreis air sin, tá Gaillimh ainmnithe mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta faoi Acht na Gaeltachta 2012 agus tá plean teanga á ullmhú mar chuid de sin le cabhair ó Údarás na Gaeltachta.

## The Unique Role Of The Gaeltacht

Galway is unique in Ireland in having a city that has Gaeltacht status for almost half its geographical area. The Galway Gaeltacht has a higher proportion of Irish speaking inhabitants (75.2%) than all other Gaeltacht areas in the country combined (69.5%). Over the past ten years there has been a growth in the amount of Irish speakers living and working in the city and county due mainly to the growth of the communications industry as led by TG4 (the national Irish language television station) Irish language cultural activities and gaelscoilenna (Irish language schools). The Irish language and linguistic heritage is an intrinsic part of the cultural experience and life of Galway, it includes language, literature, music, visual arts, crafts, skills, traditions, dance and oral history. AnTaibhdhearc is the National Irish Language Theatre and sees its role as important in the commissioning and presentation of existing and new work in the Irish language. The Irish language is a considerable asset contributing in the region of €59m to the City. In March 2016 the elected members of Galway City Council launched Galway's ambition to be a bi-lingual city, outlining a vision to support the implementation of this initiative. In addition, Galway has also been designated a Gaeltacht Service Town under Acht na Gaeltachta 2012 and a language plan is being prepared as part of this, assisted by Údarás na Gaeltachta.

# 3 Fís Éire Ildánach do Chathair na Gaillimhe
## The Creative Ireland Vision for Galway City

IS IONANN AN CLÁR 'Éire Ildánach' agus Clár Oidhreachta an Rialtais d'Éirinn 2016–tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go 2022, ar clár é a chuireann an chruthaitheacht ag croílár na mbeartas poiblí. Is clár cultúr-bhunaithe é Éire Ildánach atá leagtha amach chun folláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin a chur chun cinn. Is í fís Éire Ildánach go mbeadh an deis ag gach uile duine a bhfuil cónaí orthu in Éirinn an acmhainneacht chruthaitheachta atá acu a bhaint amach. Tá rannpháirtíocht agus rochtain ag croílár na físe sin. Feictear go bhfuil sé riachtanach go mbeadh ceangal idir ealaíontóirí agus cruthaitheoirí agus pobail chun a chinntiú go mbainfear amach an fhís sin.

Comhlíontar an fhís seo trí Chúig Cholún an Chláir Éire Ildánach:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht in Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Tionscail Cruthaitheachta: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cruthaitheachta

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

In *Plean do Ghaillimh Ildánach 2018–2022*,[1] tugtar aitheantas don cháipéis bheartais a d'fhoilsigh Rialtas le déanaí, is é sin, 'Cultúr 2025'. Áiríonn sé sin na healaíona, mar atá sainmhínithe san Acht Ealaíon 2003; na tionscail chruthaitheacha; an oidhreacht chultúrtha; éagsúlacht na gcultúr nua agus na teangacha nua atá mar chuid de shaol na hÉireann le blianta beaga anuas. Déantar tagairtí do 'chultúr' i "Meas ar Chách" de chuid Chathair na Gaillimhe agus luaitear go bhfuil na nithe seo a leanas san áireamh leis, tírdhreach; an timpeallacht nádúrtha agus thógtha; cultúr ábhar; oidhreacht chultúrtha; oidhreacht faisnéise agus cartlainne; ailtireacht; ceol; damhsa; dearadh; bonneagar cultúir; teanga; stair; béaloideas; gach cur i láthair ealaíonta; spórt; ceardaíocht; bia; traidisiúin; scileanna traidisiúnta, cuimhne; creidimh agus luachanna.

**Is é an fhís atá againn straitéis a dhearadh, a stiúradh agus a sheachadadh a fhágfaidh go mbeidh Gaillimh ina samhail dháiríre maidir le hinbhuanaitheacht ccultúir, rannpháirtíocht an phobail, dea-chleachtas agus go mbeidh eispéiris chultúir agus chruthaitheachta den chéad scoth ag daoine ann.**

THE CREATIVE Ireland programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016–a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a culture based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The vision of Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to realise fully his or her creative potential. Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

The vision is pursued through the Five-Pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

*Creative Galway Plan 2018–2022* acknowledges the government's recent policy document Culture 2025 [1]. This includes the arts, as defined by the Arts Act 2003; the creative industries; cultural heritage; new cultural diversity and languages which have become part of Irish life in recent years. In 'Everybody Matters', Galway City references culture as including landscape; the natural and built environment; material culture; cultural heritage; documentary and archival heritage; architecture; music; dance; design; cultural infrastructure; language; history; folklore; all artistic expression; sport; craft; food; traditions; traditional skills, memory; beliefs and values.

**Our Vision is to design, drive and deliver a strategy that transforms Galway into a working model of cultural sustainability, community participation, best practice and world class cultural and creative experiences.**



Dealbh mhacasamhlach de Phádraic Ó Conaire, An Fhaiche Mhór
*Pádraic Ó Conaire replica statue, Eyre Square*

1 An Roinn Eal;aíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán Plé-dhoiciméad *Cultúr 2025* 2015

**1 Department Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands** Discussion document. *Culture 2025* 2015



Feile Idirnáisiúnta
Ealaíon na Gaillimhe
*Galway International Arts Festival*

**An Fhís atá againn a bhaint amach:**
Déanfar an tsamhail atá againn den inbhuanaitheacht chultúrtha, de rannpháirtíocht an phobail, de dhea-chleachtas agus d'eispéiris chultúir agus chruthaitheachta den scoth a bhunú ar na nithe seo a leanas:

- Tarraingeofar aird ar na hacmhainní cultúir atá againn, cuirfear an cultúr ag croílár fhorbairt na Gaillimhe agus bainfear leas as cultúr chun féachaint ar bhealaí nua chun todhchaí níos fearr a chruthú.
- Fáilteofar roimh phobail agus roimh éagsúlacht, beidh áit ar fáil do gach gné den fhéiniúlacht chultúrtha agus den chur in iúl cultúrtha agus do bhealaí nua le bheith ag comhoibriú agus le bheith rannpháirteach.
- Cuideofar le comhoibriú agus le moil de chineál áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus tabharfar tacaíocht agus foinsí nua inspioráide do thionscadail, do chomhpháirtithe agus don bhonneagar.
- Léireofar na nithe is fearr a dhéantar i nGaillimh trína gcur i láthair os comhair lucht éisteachta/féachana agus rannpháirtithe nua.

**Realising Our Vision:**
Our model of cultural sustainability, community participation, best practice and world-class cultural and creative experiences will be underpinned through:

- Highlighting our cultural assets, putting culture at the heart of Galway's development and using culture to examine new ways of creating a better future.
- Embracing communities and diversity, finding room for all aspects of cultural identity and expression and new ways to collaborate and participate.
- Facilitating local, national and international collaborations and hubs, providing support and new sources of inspiration for projects, partnerships and infrastructure.
- Showcasing what Galway does best and delivering it to new audiences and participants.

# 4 Luachanna Éire Ildánach i gCathair na Gaillimhe

## The Creative Ireland Values in Galway City

TUGTAR AGHAIDH SA phlean seo ar luach intreach ilchineálach an chultúr ag croílár dhaonra Chathair na Gaillimhe. Tá a bhfuil sa phlean bunaithe ar phróisis chuimsitheacha, chomhoibríocha agus chumarsáide a bhfuil baint ag daoine aonair, ag eagraíochtaí, ag pobail agus ag earnálacha leo agus lena ngabhann taighde cúramach maidir leis na beartais, na straitéisí agus na cleachtais áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr atá aitheanta laistigh de na straitéisí cultúir atá ann cheana féin agus a bhaineann le Cathair na Gaillimhe.

Go sonrach, léiríonn an plean na tosaíochtaí atá leagtha amach iontu seo a leanas:

- Meas ar Chách, An Creatstraitéis um Chultúir do Ghaillimh 2016–2025;
- Leanaí & Óige, An Plean Cultúir & Cruthaitheachta 2017;
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta & Pobail Chathair na Gaillimhe;
- Clár Oibre 21 don Chlár Píolótach Chathair na Gaillimhe maidir le Cathracha Cultúir;
- Plean Éire Ildánach Chathair na Gaillimhe 2017; 2018 agus na pleananna a thiocfaidh i gcomharbas orthu;
- Plean Ealaíon Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2016–2018 agus na pleananna a thiocfaidh i gcomharbas air;
- Plean Oidhreachta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus na pleananna a thiocfaidh i gcomharbas air
- Plean Straitéiseach Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe 2017–2022;
- Making Waves – Leabhar Tairisceana na Gaillimhe do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020;
- Plean na Gaillimhe agus Iarthar na hÉireann maidir le Réigiún Gastranamaíochta 2018;
- Pleananna straitéiseacha eile atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le Cathair na Gaillimhe agus maidir leis an gceantar máguaird a mbeidh tionchar acu ar an réimse leathan cultúir (mar atá sainmhínithe in Meas ar Chách).
- Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe, Clár Forbartha Leabharlann na Gaillimhe, Plean Forbartha Chathair & Chontae na Gaillimhe

Tugann na tosaíochtaí straitéiseacha atá éirithe as an bpróiseas seo, agus atá léirithe sa chéad chuid eile, le fios an luach atá ag cultúr mar shlí chun todhchaí níos inbhuanaithe a chothú do Chathair na Gaillimhe. Tugtar aghaidh ar chearta gach uile dhuine a bheith gníomhach sa saol cultúrtha i gCathair na Gaillimhe trí spreagadh a thabhairt i leith rochtain níos fearr a bheith ag líon mór pobal agus i leith deiseanna a bheith acu chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí. Tugtar le fios an tábhacht atá leis an oidhreacht chultúrtha, leis an timpeallacht nádúrtha, thógtha agus chruthaitheach a mhúnlaíonn muid mar dhaoine agus an áit as a dtagann muid, chomh maith leis an áit ar leith atá ag an nGaeilge a chur in iúl. Déantar iarracht daoine idir shean agus óg a chumhachtú, ag an leibhéal aonair agus pobail araon trí oideachas agus an méid sin a dhéanamh trí na príomhghníomhaithe sa réimse cultúir, oideachais agus foghlama ar feadh an tsaoil a thabhairt le chéile. Lorgaítear comhoibriú ar fud na seirbhísí comhroinnte, chomh maith le cláir ina sainnaithnítear go sonrach na naisc idir inbhuanaitheacht chultúir agus inbhuanaitheacht chomhshaoil.

THE FOUNDATION OF this plan addresses the intrinsic and diverse value of culture at the heart of the population of Galway City. It builds on comprehensive collaborative and communicative processes involving engagement with individuals, organisations, communities and sectors and careful research into best local, regional, national and international policies, strategies and practices identified within existing culture-related strategies relevant to Galway City.

Specifically, the plan reflects the priorities set out in:

- Everybody Matters, the Cultural Strategy Framework for Galway 2016–2025;
- Children & Youth, Culture & Creativity Plan 2017;
- Galway City Local Economic & Community Plan;
- Agenda 21 for Culture Pilot Cities Programme for Galway City;
- Galway City Creative Ireland Plan 2017–2018 and its successors;
- Galway City Council Arts Plan 2016–2018 and its successors;
- Galway City Council Heritage Plan and its successors;
- Galway City Museum Strategic Plan 2017–2022;
- Making Waves – Galway European Capital of Culture 2020 Final Bid Book;
- Galway West of Ireland European Region of Gastronomy 2018 Plan;
- Other strategic plans current for Galway City and environs which impact on the broad cultural sphere (as defined in Everybody Matters).
- Galway City Development Plan, Galway Library Development Programme, Galway City & Co. Development Plan.

The strategic priorities stemming from this process, and outlined in the next section, highlight the value of culture as a means of fostering a more sustainable future for Galway City. They address the rights of everyone to take part in the cultural life of Galway City by encouraging greater access, engagement and participation from multiple communities. They highlight the importance of our cultural heritage, of our natural, built and creative environments that shape who we are and where we come from, along with the uniqueness of the Irish language. It seeks to empower people of all ages at both the individual and community level through education by bringing together key players in the field of culture, education and life-long learning. It pursues collaborations across shared services, and programmes that explicitly recognise the connections between cultural and environmental sustainability.

Sa bhreis air sin, cothaíonn an straitéis an earnáil chruthaitheach bhríomhar eacnamaíochta i gCathair na Gaillimhe agus baintear leas as sin agus déantar iarracht feabhas a chur ar chleachtais chomhoibríocha idir ealaíontóirí / lucht cruthaitheach agus an Earnáil Ghnó. Trí aird a thabhairt ar luach an chultúir mar rud a théann chun tairbhe na sláinte agus na folláine cinntítear tacaíocht agus uilechuimsitheacht níos fearr chomh maith le cláir cruthaithe acmhainneachta i measc pobail a bhíonn ag fulaingt le saincheisteanna sláinte fisiciúla nó meabhairshláinte.

Ar deireadh, trí dheis a thabhairt chun teacht ar ICT, agus úsáid a bhaint as ICT le haghaidh cultúr a léiriú, a chur i láthair agus a chur in iúl, tugtar tosaíocht do na dálaí bunúsacha a bhaineann le forbairt chultúr inbhuanaithe i gCathair na Gaillimhe. Cinntítear freisin go leanfar de bheith ag cur acmhainní cultúir agus cruthaitheachta na Gaillimhe i láthair trí rannpháirtíocht i líonraí comhair idirnáisiúnta.

Additionally, the strategy fosters and builds upon the vibrant creative economy sector of Galway City and seeks to enhance collaborative practices between artists / creatives and The Business Sector. Attending to the value of culture as beneficial to health and wellbeing ensures greater support, inclusivity, and capacity building programmes among communities suffering physical or mental health issues.

Lastly, placing the opportunity to access and use ICT for cultural production, presentation and communication prioritises the basic conditions of sustainable cultural development for Galway City. It further ensures the presentation of Galway City's cultural and creative assets are maintained through participation in international co-operation networks.



Feíle Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe
*Galway International Arts Festival*

# 5 Na Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chathair na Gaillimhe
## The Strategic Priorities for Galway City

IN AINNEOIN AN phlean seo, is é an príomhní a chinnteoidh go rachaidh an Fhorbairt Chultúir chun cinn i nGaillimh agus san Iarthar sna blianta beaga atá romhainn ná ainmniú na cathrach mar Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020 agus na nithe a bheidh mar thoradh air sin.

**Cearta Rochtana agus Cultúir**

